C/2026/3740

13.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12514 — FRASERS / HUGO BOSS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3740)

1. An 2 Iúil 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Frasers Group plc ('Frasers', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Mike Ashley,

— HUGO BOSS AG ('Hugo Boss', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Frasers rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Hugo Boss ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 10 Meitheamh 2026.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Frasers gníomhach i mórdhíol agus miondíol (i) earraí spóirt agus aclaíochta ginearálta, (ii) táirgí stíle maireachtála den scoth, agus (iii) só-tháirgí.

— Is cuideachta faisin agus stíle maireachtála é Hugo Boss a thrádáiltear go poiblí ar Stocmhalartán Frankfurt. Tá sé gníomhach sa deighleog den scoth, lena dtairgfear éadaí, bróga agus gabhálais ardchaighdeáin do mhná agus d'fhir.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12514 — FRASERS / HUGO BOSS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.